

Polasaí Chomhairle Contae Fhine Gall i ndáil le Forbairt Bailiúchán

Feidhm:

Tá feidhm ag an bpolasaí seo mar dhoiciméad creatlaigh chun cinneadh a dhéanamh ar roghnúchán na hábhair atá ar coimeád i mbailliúcháin Leabharlanna Fhine Gall, agus maidir le cothabháil, coinneáil agus diúscairt na mbailliúcháin sin. Cuirtear treoirínte gairmiúla ar fáil do

na baill foirne leis, agus ag an am céanna cuireann sé an modh oibre atá againn in iúl dár ngeallsealbhóirí. Go bunúsach, cuireann an Polasaí Forbartha Bailiúchán ar ár gcumas sinn a bheith in ann an tseirbhís is fearr a mbeifear in ann soláthar dár n-iasachtaithe ar aon dul leis an misean atá againn freastal ar na riachtanais oideachais, áineasa agus faisnéise atá acu.

Cuspóirí:

Tugtar aird i Leabharlanna Fhine Gall do riachtanais ár n-iasachtaithe atá ag athrú, agus déantar gach iarracht freastal ar na riachtanais sin. Ina theannta sin, aithnímid go bhfuil an teicneolaíocht ag athrú ó bhonn i gcónaí agus gur gá dúinn dheimhniú go n-éirítear linn go leanann leis na fóрмаidí agus leis na hábhair a chuirimid ar fáil a fhanacht ábhartha. Nuair a úsáidtear an téarma ‘ábhair’ sa pholasaí seo, is éard atá i gceist againn ná go gcuimseofar leis míreanna i gcló, míreanna closamhairc agus míreanna digiteacha. Tá Leabharlanna Fhine Gall bródúil as an seasamh atá aige i dtreo na bainistíochta bailiúchán agus tá sé i gceist againn go gcuirfeadh leis an nuálaíocht sin trí leanúint ar aghaidh ag cur seirbhísí leictreonacha úrscothacha ar fáil chomh maith le fóarmaidí níos traidisiúnta.

Anuas air sin, aithnímid gur gá go léireofar na riachtanais a éiríonn níos éagsúla de réir a chéile atá ag ár n-iasachtaithe de réir mar a thagann méadú ar dhaonra Fhine Gall. Chomh fada agus is féidir ó thaobh praiticiúla de, freastalóidh ár mbailliúcháin ar na riachtanais daonlathacha, teangeolaíochta agus cultúrtha ar leith atá ann. Chomh maith leis sin, freastalóimid ar riachtanais aoisghrúpaí éagsúla agus coinneoidimid in aigne gurb ionann an tábhacht a bhaineann le riachtanais na n-iasachtaithe is óige atá againn agus riachtanais na n-iasachtaithe atá ag baint úsáid as ár seirbhísí le blianta fada anuas. I ndáiríre, is mar gheall ar an bhfaisnéis atá ar fáil in ábhair leabharlainne a roghnaítear iad, chomh maith leis an maitheas oideachasúil agus áineasa atá iontu, agus go bhfuil siad curtha le chéile chun freastal ar na riachtanais atá ag daonra leathan éagsúil. De réir na téarmaí tagartha atá againn, ní mór béim a bheith ann go mbeidh luach le fáil don phobal i gcoitinne ó na hábhair.

Fálacha:

Tá dualgas dleathach orainn ábhair a cheannach ó na soláthóirí leabharlanna siúd a bhfuil conarthaí tairisceana náisiúnta bainte amach acu. Cé gurb é ceannachán leabhar na bunfheidhme atá ag an Rannóg Fálacha, glacann foireann leabharlainne brainse ról láidir sna hiarratais le stoc sonracha a bhaineann le dá mbrainse féin. Anuas air sin, is iad baill foirne na mbrainsí na gníomhairí príomhúla trína bhfaightear moltaí ó na hiasachtaithe faoi na ceannacháin gur cheart a dhéanamh. Déanfaidh baill foirne athbhreithniú ar mholtaí ó iasachtaithe maidir le ceannacháin le bheith curtha leis an mbailliúchán. Tagann na moltaí faoi réir critéir roghnúcháin rialta.

Roghnúchán:

I measc na critéir chun ábhair a roghnú, áirítear na míreanna seo a leanas:

- Ábharthacht i ndáil le suimeanna agus riachtanas an phobail
- Oiriúnacht an ábhair, na stíle agus an leibhéal i gcomhthéacs an lucht léite dá bhfuil sé beartaithe
- Oiriúnacht an fhormaid chun úsáid leabharlainne
- Praghas, infhaighteacht agus an buiséad fálacha
- An Clú atá ar an eagarthóir, ar an údar nó an foilsitheoir, agus na cáilíochtaí atá acu
- Cruinneas, iontaofacht agus cúrsaíocht an ábhair
- Oiriúnacht an ábhair chun bearna ábhair a líonadh isteach
- An tábhacht a bhaineann leis an ábhar nó leis an údar sa cheantar áitiúil
- An tábhacht a bhaineann leis an ábhar nó leis an údar sa cheantar áitiúil
- Ábharthacht i gcomhthéacs na láidreachtaí agus laigí atá sa bhailiúchán ag an am
- Sean-ábhar a uasdátú agus ábhar nua a chur ina ionad

An Díroghnúchán:

Ní féidir cothabháil a dhéanamh ar bhailiúchán atá nua-aimseartha, ábhartha agus a bhfuil raon fairsing ann ach amháin trí mheasúnú gairmiúil leanúnach a dhéanamh air. Déantar ábhair leabharlainne a dhíroghnú ionas go leanfar leis na bailiúcháin freastal ar riachtanais na n-iasachtaithe. Próiseas leanúnach is é an díroghnúchán

agus is ar bhaill foirne de chuid na leabharlainne a bhíonn an fhreagracht ina leith, agus iad á dhéanamh de réir na critéir seo a leanas:

Damáiste nó drochbhaill

Ábhar as dáta nó gearrshaolach

An úsáid atá bainte as roimhe seo nó atá beartaithe don todhchaí

Meastóireacht a dhéanamh ar a n-ábharthacht oideachasúil, áineasa agus faisnéise

Eagrán nua a thabhairt isteach ina ionad agus/nó go bhfuil ábhair ar fáil atá níos cothroime chun dáta

An bhfuil sé ar fáil áit eile

An bhfuil spás seilfe agus/nó spás stórála ar fáil

An bhfuil roinnt cóipeanna de

Ábharthacht maidir le scóip bailiúcháin speisialta

Bailiúcháin:

Is éard a gcuimsítear le bailiúchán ginearálta Fhine Gall ná leabhair ficsin, leabhair neamhficsin agus ábhar tagartha a dhéantar iad a aicmiú go sonrach de réir na riachtanas éagsúla a bhíonn ag daoine fásta, ag déagóirí agus ag leanaí. Is éard a gcuimsítear leis an ábhar closamhairc atá againn ná dlúthdhioscaí ceoil, closleabhair ar dhlúthdhioscaí agus DVDanna. Oibríonn Leabharlanna Fhine Gall i gcomhar le soláthraithe speisialtóireachta chun ábhar íoslódála a chur ar fáil, ionas go gcuirtear teacht ar fáil níos fairsinge ná i mbrainsí leabharlanna amháin. Leantar ar aghaidh ag cur borradh faoi na ríomhsheirbhísí atá ar fáil i bhFhine Gall. Leis an Aip Leabharlanna Fhine Gall, is féidir iasachtaithe ríomhleabhair agus closleabhair a íoslódáil, chomh maith le greannáin, nuachtáin agus irisleabhair. Ní cuimsítear na hábhair dhigiteacha seo sa tairseach atá againn chun teacht ar acmhainní ar líne dála ciclipéidí, sonraí gnó, agus cúrsaí foghlama agus oideachasúla.

Bailiúcháin Speisialta:

Bailiúchán na Luathbhlianta: Cuirtear bailiúchán leabhar príomhúil ar fáil i Leabharlanna Fhine Gall atá oiriúnach do linbh beag, óna mbreith go dtí go mbaineann siad sé bliana d’aois amach. Sa bhailiúchán seo, cuimsítear sraitheanna de leabhair atá le fáil ar iasacht agus gur féidir iad a úsáid i seomra ranga nó i naíonra. Beidh 10 gcóip, 20 cóip nó 30 cóip de gach aon cheann de na leabhair seo.

Bailiúchán Bibliteiripe Ta bailiúchán de 38 leabhar againn atá molta sna gairmí sláinte. Clúdaítear raon fairsing d’ábhair sna leabhair seo, dála an ghalair dhuibh, na buartha, an bháis agus neamhord itheacháin. Tá sé ar intinn iad a chur ar fáil ar ghnáthiasacht.

Bailiúchán Taistil: Tá bailiúchán againn de chlaisicí den scríbhneoireacht taistil, a théann siar cúpla deichniúr de bhlianta. Tá sé measta le bheith ina acmhainn ar leith le haghaidh taighdeoirí agus scríbhneoirí. Tá an bailiúchán coimeádta lasmuigh den láthair agus is féidir an fhoireann teacht ar an ábhar ann má fhaigheann siad iarratas chuige sin.

Bailiúchán na hÉireann sa Stórhaisce Ficsin Comhroinnte (IHFR): De réir na téarmaí de chomhaontas atá déanta le húdaráis leabharlainne eile,

Tá dualgas ar Fhine Gall ábhair fhicsin le húdair a chríochnaíonn a sloinne le W a chaomhnú agus a choimeád. Is é an fáth a bhfuil na Stórhaiscí Ficsin Comhroinnte ann ná chun saothair fhicsin atá as cló a chaomhnú agus a chur ar fáil d’iasachtaithe na leabharlainne poiblí. Tá na hábhair coimeádta lasmuigh den láithreán agus is féidir teacht a fháil orthu trí iarratas a thabhairt don fhoireann.

An Bailiúchán um Chúrsaí Oibre: Sa Bhailiúchán um Chúrsaí Oibre cuirtear teacht ar fáil do dhaoine atá ag lorg comhairle maidir le fostaíocht, forbairt gairme agus fiontar gnó ar leabhair, ar ábhair taighde agus ar nuachtáin, irisleabhair agus acmhainní ar líne. Is i leabharlanna Bhaile Bhlainséir agus Bhaile Brigín a choimeádtar iad, agus is féidir teacht ar an stoc d’ábhair trí ghnáthiasacht.

Staidéir Áitiúla agus Cartlann: I measc na bailiúcháin speisialta atá againn áirítear Taifid Ghraí Chlochráin, comhfhreagrú agus earraí cuimhneacháin Chumann na mBan, Bailiúcháin Thomáis Ághais, bailiúcháin Spóirt Fhine Gall agus roghnúchán ó pháipéir eastát mhuintir Thablóid de Mhullach Íde ar dlúthdhiosca. Is féidir teacht ar ábhair taighde ach coinne a shocrú. Sa stoc ceardlainne atá againn áirítear an Bailiúcháin Hely-Hutchinson; Páipéir Eastát Fhine Gall; Páipéir Eastát Hamilton, Páipéir Bharúin Bhaile an Aba; Taifid Ghraí Chlochráin; páipéir a bhaineann le Cath Chill Dhéagláin, 1916, agus Bridgid Connolly; Cartlann Shakleton Mill; Miontuairiscí Chumann Feirmeoireachta; agus roinnt bailiúcháin beag. Is féidir teacht a fháil ar trí choinne a shocrú.

Tabhartais:

Ó am go chéile faighimid tabhartais a mbímid í gcónaí buíoch astu gur féidir a chuimsiú sna bailiúcháin atá againn cheanna agus a réitíonn leis na polasaithe um fhorbairt bailiúcháin. Is faoi Leabharlanna Chontae Fhine Gall a ndéantar an cinneadh glacadh leis an tabhartas, chomh maith le cinntí maidir le haicmiú, le seilfre, le rochtain, le láithreáin agus le diúscairt.

Athbhreithniú:

Déanfar athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar bhonn tréimhsiúil chun deimhniú go mbíonn sé freagrúil do riachtanais fhoireann agus gheallsealbhoirí Leabharlanna Chontae Fhine Gall a bhíonn ag athrú i gcónaí.

Aguisíní:

Aguisín A Doiciméid Reachtúla agus Polasaithe:

An tAcht Leabharlanna Poiblí, 1947:

<http://www.irishstatutebook.ie/eli/1947/act/40/enacted/en/print>

LGMA:

Opportunities for All The public library as a catalyst for economic, social and cultural development:

http://www.lgma.ie/sites/default/files/public_libraries_strategy_2013_2017.pdf

Plean Soláthar Seirbhíse Bliantúil Chomhairle Contae Fhine Gall, 2017:

<http://www.fingalcoco.ie/media/FCC%20Annual%20Service%20Delivery%20Plan%202017.pdf>

Treoiríní an IFLA:

Treoiríní do Pholasaí Forbartha Bailiúcháin tríd an tSamhail Conspectus a úsáid:

<http://www.ifla.org/files/assets/acquisition-collection-development/publications/gcdp-en.pdf>

Tabhartais do na Bailiúcháin: Treoiríní do Leabharlanna:

<http://www.ifla.org/files/assets/hq/publications/professional-report/112.pdf>